

**CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE****Costas KADIS****An tIascach agus na hAigéin****1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeiféa freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Tá mo chúla acadúil agus mo thaithí ghairmiúil ailínithe go dlúth le príomhthosaíochtaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe sa réimse as a mbeinn freagrach.

Is bitheolaí mé agus Ph.D. agam sa bhithéolaíocht chaomhantais, agus tá mé i m'Ollamh le Caomhnú na Bithéagsúlachta. Díríonn mo chuid taighde, taighde atá á chistiú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Náisiúin Aontaithe, ar chaomhnú na bithéagsúlachta agus ar bhainistiú acmhainní inbhuanaithe, lena n-áirítear na gnéithe socheacnamaíocha ábhartha. De bhreis ar mo ghairmréim acadúil, bhí mé i m'Aire Sláinte (2007-2008), i m'Aire Oideachais agus Cultúir (2014-2018), agus i m'Aire Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil (2018-2023) sa Chipir freisin.

Mar Aire Talmhaíochta, Forbartha Tuaithe agus Comhshaoil, rinne mé maoirseacht ar chur chun feidhme na mbeartas a bhaineann leis an iascach agus le taighde muirí. Go sonrath, bhí mé freagrach as an gComhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme sa Chipir agus as Plean Oibríochtúil Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe na tíre a fhorbairt le haghaidh 2021-2027. Ina theannta sin, i gcomhpháirtíocht leis an Leas-Aireacht Loingseoireachta, dhréachtaíomar Plean Spásúil Muirí na Cipire. Bhaineamar úsáid freisin as ionstraimí an Aontais chun tacaíocht airgeadais a thabhairt d'iascairí a bhí ag streachailt, go háirithe le linn na ndúshlán a bhí ann de dheasca phaindeim COVID-19. Le linn mo thréimhse 5 bliana, ghlac mé páirt ghníomhach i bhformhór chruinnithe na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh, cruinnithe inar tugadh aghaidh ar bheartais agus ar dhúshlán ar leibhéal an Aontais maidir leis an iascach agus na haigéin.

Bainfeair tairbhe ar leith as an gcumasc sin d'eolas agus taithí chun beartais chothroma a mhúnlú sa réimse as a mbeinn freagrach, agus na gnéithe ábhartha uile á gcur san áireamh.

Agus na treoirlínte polaitiúla á gcur chun cinn agam, is é an phríomhthosaíocht a bheidh agam a áirithiú go leanfaidh na hearnálacha iascaireachta agus dobharshaothraithe de bheith inbhuanaithe, iomaíoch agus athléimneach agus go mbeidh cothrom iomaíochta ann le haghaidh shlabhra gníomhaíochtaí an iascaigh Eorpaigh. Is é sin an cuspóir teorach a bheidh agam maidir le fíis a fhorbairt freisin le haghaidh na hearnála ag féachaint do spriocanna 2040. Ar an tslí dom, áiritheoidh mé go mbeidh áit ag na páirtithe leasmhara uile sa mheastóireacht chuimsitheach leanúnach ar an gComhbheartas Iascaigh (CBI) agus reáchtálfaidh mé idirphlé maidir leis an Iascach agus na hAigéin. Tá sé tábhachtach aird a thabhairt, ar bhonn comhionann, ar ghnéithe comhshaoil agus socheacnamaíocha an bheartais. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta, cuirfidh mé le láidreachtaí CBI agus tabharfaidh mé aghaidh ar aon easnamh, agus áiritheoidh mé go ndéanfar CBI a oiriúnú i gcomhthéacs an lae inniu agus go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá ag teacht chun cinn san earnáil. I gcomhthráth leis an méid sin, tacóidh mé leis na Ballstáit *acquis* an iascaigh a chur chun feidhme, agus cuideoidh mé leo

gníomhaíochtaí idirghabhála tapa agus éifeachtacha a cheapadh, mar shampla trí thacaíocht theicniúil ón gCoimisiún Eorpach i gcás inarb ábhartha.

Cuirfidh mé chun cinn freisin cur chuige iomlánaíoch chun borradh a chur faoin ngeilleagar gorm agus chun dea-rialachas agus sláinte ár n-aigéan a áirithiú i ngach a mbaineann leo, rud a chumhdaítear sa Chomhshocrú Eorpach um na hAigéin, Comhshocrú a bheidh ina chreat tagartha straitéiseach aonair le haghaidh na mbeartas uile a bhaineann leis na haigéin. Féachfaidh mé le húsáidí éagsúla na farraige a optamú, agus é mar aidhm agam réiteach a dhéanamh idir an gá atá le cosaint an dúlra agus fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, chomh maith le nithe eile, agus riachtanais earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe. Ar cheann de na pointí fócais ina leith sin, beidh cur chuige neartaithe nua maidir le pleanáil spásúil mhuirí. Féachfaidh mé freisin ar indéantacht cultaisc carbóin ghoirm Eorpaigh agus leanfaidh mé de na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun aistriú fuinnimh na hearnála iascaireachta a éascú. Rannchuideoidh mé freisin leis an bPlean um Oiriúnú don Athrú Aeráide a chomhlíonadh, rud a áiritheoidh go dtabharfar aghaidh ar leochaileacht ár bpobal cósta agus ar leochaileacht earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe. Rannchuideoidh mé le taighde agus nuálaíocht a chur i gcroílár ár ngeilleagair trí straitéis taighde agus nuálaíochta AE um na hAigéin a fhorbairt.

Forbróidh mé cur chuige straitéiseach i gcomhair taidhleoireacht maidir le hAigéin an Aontais ionas go gcothóidh agus go neartóidh an tAontas an ról ceannasach atá aige i dtaca le clár oibre le haghaidh na n-aigéan a leagan síos ar an leibhéal domhanda, rud a áiritheoidh go mbainfear úsáid chothrom, inbhuanaithe, shlán as spás na n-aigéan agus as na hacmhainní atá le fáil ann. Is iad na tosaíochtaí a bheidh agam comhpháirtithe an Aontais a shlógadh chun an Conradh maidir leis an mBithéagsúlacht i Limistéir Lasmuigh den Dlíne Náisiúnta a dhaingniú go pras agus in am do Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin a bheidh ar siúl in Nice i mí an Mheithimh 2025, agus an conradh sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Tríd an taidhleoireacht maidir le hAigéin an Aontais, déanfaidh mé iarrachtaí freisin an cothrom iomaíochta a choinneáil ar fáil agus slabhra gníomhaíochtaí an iascaigh Eorpaigh a chosaint ar iomaíocht dhomhanda éagórach, lena n-áirítear é a chosaint ar an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte. Oibreoidh mé freisin ar shraith nua de Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe.

Leis na hiarrachtaí thuas, rannchuideofar le príomhchuspóirí i dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin, is é sin na cuspóirí maidir le hiomaíochas agus slándáil dhomhanda an Aontais, lena n-áirítear an tslándáil bia.

Táim tiomanta don chomhionannas inscne. Beidh sé sin ina phríomhghné agus ár bhfís le haghaidh 2040 i gcomhair earnáil an iascaigh á forbairt againn. Tabharfaidh mé aird ar leith ar fheabhas a chur ar rannpháirtíocht na mban in earnálacha an iascaigh/an gheilleagair ghoirm, lena n-áirítear trí uas-sciliú, nuair is féidir sin, nó trína chur ar a gcumas d'fhiontraíthe ban teacht ar mhaoiniú.

Ina theannta sin, áiritheoidh mé go mbeidh m'fhoireann cothrom ó thaobh inscne de.

Áiritheoidh mé freisin go gcuirfear dearcadh an aosa óig san áireamh go hiomlán agus na beartais atá faoi mo chúram á bhforbairt agus á gcur chun feidhme agam, go háirithe trí idirphlé tráthrialta a réachtáil leis an aos óg. Chun na glúnta óga a mhealladh, ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh an t-iascach agus an dobharshaothrú brabúsach, digiteach agus inbhuanaithe, agus go mbeidh siad ag teacht le luachanna, scileanna agus mianta daoine óga. Má dheimhníonn an Pharlaimint m'ainmniúchán, eagróidh mé Idirphlé Beartais leis an Aos Óg laistigh den chéad 100 lá de mo shainordú.

Agus mo chúraimí á gcur i gcrích agam, beidh mé neamhspleách i gcónaí. Mar a thugtar le fios i mo dhearbhuí leasanna, d'éirigh mé as gach gníomhaíocht a rinne mé roimhe seo agus éireoidh mé as an bhfostaíocht atá agam faoi láthair, fostaíocht óna bhfuilim ar saoire gan phá san am atá i láthair, nuair a fhormheasfar mé mar Choimisinéir.

## **2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanais a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

An chuntasacht, an meas agus an comhar le hionadaithe shaoránaigh an Aontais Eorpaigh – le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa – is den ríthábhacht iad i dtaca le seasamh lenár luachanna daonlathacha. Táim lántiomanta oibriú laistigh den chreat sin. Ar feadh mo ghairmréime polaitiúla, mar aire i dtrí aireacht éagsúla, chloígh mé go comhsheasmhach leis an gcur chuige sin.

Measaim gur buntábhachtach don phróiseas reachtach na hionchuir a dhéanann an Pharlaimint. Ba cheart na beartais Eorpacha a bheith ag freagairt do riachtanais shaoránaigh an Aontais agus is í Parlaimint na hEorpa a dhéanann ionadaíocht ar na riachtanais sin.

Táim lántiomanta an caidreamh ar leith idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a threisiú. Ba mhaith liom caidreamh a thógáil agus a neartú a bheidh bunaithe ar an oscailteacht, ar an trédhearcacht agus ar iontaoibh fhriothpháirteach.

Áiríteoidh mé go gcuirfean an Pharlaimint ar an eolas go tráthrialta faoi na gníomhaíochtaí uile i réimse bheartais an iascaigh agus na n-aigéan. In éineacht le mo ranna, tá sé ar intinn agam lánéifeacht a thabhairt do cheanglais an Chreat-Chomhaontaithe maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, agus tabharfaidh mé aird ar leith ar na forálacha maidir le malartú faisnéise. Maidir leis an obair leantach ar sheasaimh agus iarrataí Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh mé forálacha an Chreat-Chomhaontaithe i bhfeidhm agus cinnteoidh mé, i mo réimsí freagrachta, go dtabharfaidh an Coimisiún freagra ar rúin nó iarrataí parlaiminteacha arna ndéanamh ar bhonn Airteagal 225 CFAE. Go sonrach, táim tiomanta idirphlé struchtúrtha a bheith agam leis an bParlaimint maidir le beartais atá faoi mo shainchúraimí chun go mbeidh an Pharlaimint in ann a maoirseacht dhaonlathach a fheidhmiú go hiomlán. Áiríteoidh mé freisin go ndéanfar tuairimí Pharlaimint na hEorpa, mar a chuirfean in iúl i rúin nó i ndíospóireachtaí iad, a chur san áireamh go hiomlán agus beartais i réimse an iascaigh agus na n-aigéan á múnú.

Dearbhaím go nglacfaidh mé freagracht pholaitiúil iomlán as na tionscnaimh a chuirfidh mé chun cinn maidir leis an iascach agus na haigéan gan dochar do phrionsabal na coláisteachta. Creidim go neartóidh an dea-chomhar idirinstiúideach an dlísteacht agus an chuntasacht, agus go rannchuidíonn sé leis an éifeachtúlacht agus leis an dea-rialachas.

Geallaim go gcothóidh mé caidreamh oscailte, trédhearcach le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, caidreamh a bheidh bunaithe ar iontaoibh fhriothpháirteach agus ar mhalartuithe faisnéise a dhéanfar ar bhonn rialta, cuimsitheach, chun go mbeidh an Pharlaimint in ann a róil reachtacha agus ghrinnscrúdúcháin a fheidhmiú. Tá sé ríthábhachtach agam caidreamh maith a bheith agam leis an gCoiste um Iascach agus le coistí ábhartha eile. Cinnteoidh mé go mbeidh mé ar fáil le haghaidh cruinnithe déthaobhacha agus cumarsáid dhíreach le comhordaitheoirí, le rapóirtéirí agus le comhaltaí coiste.

I gcomhréir le Treoirínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí, déanfaidh na ranna atá faoi mo chúram tuarascáil bhliantúil maidir le dul chun cinn a ullmhú lena cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Áiríteofar leis sin go ndéanfar obair leantach iomchuí ar fhorfheidhmiú agus ar chur chun feidhme mo shainchúraimí. Meabhraím go gcuireann an Coimisiún caighdeán trédhearcachta an-ard i bhfeidhm i leith Pharlaimint na hEorpa, ós í an Pharlaimint atá ina hionadaí ar shaoránaigh an Aontais. Tá feidhm ag na caighdeáin sin freisin maidir le cruinnithe le hionadaithe sainleasa. Áiríteoidh mé freisin go ndéanfar tuairimí Pharlaimint na hEorpa, mar a chuirfean in iúl i rúin nó i ndíospóireachtaí iad, a chur san áireamh go hiomlán agus beartais i réimse an iascaigh agus na n-aigéan á múnú.

Táim tiomanta Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go hiomlán faoi gach tionscnamh a bheartófar agus faoi gach nós imeachta dá mbeidh ar siúl. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach go gcaithfean, ar bhonn comhionann, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle a mhéid a bhaineann le faisnéis a chomhroinnt. Lena chur go lom láidir, táim tiomanta Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go hiomlán agus go tráthúil, i gcomhréir leis an gCreat-Chomhaontú maidir le caidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, i dtaca le gníomhartha tarmhligthe agus comhaontuithe idirnáisiúnta.

### Ceisteanna ón gCoiste um Iascach

*3. Conas a bhainfidh tú cothromaíocht amach idir bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh, cosaint na muirthimpeallachta agus baint amach earnála iascaireachta atá sábháilte, brabúsach agus inbhuanaithe agus atá in ann athnuachan o ghlúin go glúin agus cruthú post a áirithiú?*

Tá an iascaireacht i gcoiflár na bpobal cósta, áiteanna a bhfuil sí fite fuaite le féiniúlacht, oidhreacht chultúrtha agus luachanna na bpobal sin, rud a chuireann slí bheatha ríthábhachtach ar fáil. Braitheann an iascaireacht ar aigéan sláintiúil agus ar stoic éisc tháirgiúla chun brabúsacht san fhadtárma agus tarraingteacht eanáil na hiascaireachta do dhaoine óga a áirithiú. Dá bhrí sin, ní mór an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir bainistiú ár n-acmhainní iascaigh, ioncam na n-iascairí agus cosaint ár muirthimpeallachta.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá sé beartaithe agam an chothromaíocht sin a aimsiú trí fhís fhadtármach a fhorbairt chun eanáil an iascaigh a bheidh athléimneach, iomaíoch agus inbhuanaithe a bhaint amach ag féachaint do spriocanna 2040, agus rannchuideoidh roinnt táirgí insóláthartha leis an sprioc sin a bhaint amach. Le meastóireacht chuimsitheach ar an gComhbheartas Iascaigh (CBI), agus aird ar leith á tabhairt ar thrí cholún na forbartha inbhuanaithe: forbairt chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta, beifear in ann láidreachtaí agus laigí an bheartais sin a shainiú. Ar an mbonn sin, molfaidh mé don Choimisiún na bearta is gá a mholadh chun an beartas don todhchaí a bheachtú agus chun feabhas a chur air más gá.

Tá sé d'aidhm agam iomaíochas fadtármach na hearnála a áirithiú, rud a rannchuideoidh freisin le poist a chruthú agus glúnta óga a mhealladh, agus leanúint de thús áite a thabhairt d'inbhuanaitheacht agus do chosaint na muirthimpeallachta an tráth céanna. Is réamhriachtanas é aire a thabhairt don chomhshaoil má tá rath le bheith ar eanáil na hiascaireachta. Gan inbhuanaitheacht chomhshaoil, ní bheadh aon inbhuanaitheacht shocheacnamaíoch ann, óir gan éisc, ní bheadh aon iascaire ann.

Ceann de na saincheistanna a ndearnadh measúnú orthu sa mheastóireacht leanúnach is ea bealaí a aimsiú chun na rialacha atá ann faoi láthair a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin ar iascairí a laghdú. Ba cheart acmhainneacht iomlán na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na hintleachta saorga a úsáid chun bailiú agus rialú sonraí a chuíchóiriú. Ós rud é go bhfuil thart ar 80 % de chabhlach an Aontais comhdhéanta d'iascairí ar mionscála, deis a bheidh sa mheastóireacht bealaí a aimsiú chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don eanáil chabhlaigh sin. Ní mór aghaidh a thabhairt, ar bhealach níos fearr, ar an taobh sóisialta den iascach. Ní mór tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shonraí sóisialta agus ar tháscairí sóisialta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, éileoidh mé go gcuirfear chun feidhme an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le hOiliúint agus Deimhniú Iascairí chun oiliúint agus deimhniú níos fearr a áirithiú agus oibreoidh mé, i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí, chun dálaí sábháilteachta níos fearr a bhaint amach, lena n-áirítear dálaí sábháilteachta níos fearr le haghaidh soithí beaga iascaireachta. Le bearta tacaíochta nua maidir le hiascairí ar mionscála, oiliúint, sábháilteacht fheabhsaithe, stoic shláintiúla agus timpeallacht dhigiteach, creidim go rannchuideofaí le níos mó daoine óga a mhealladh chuig eanáil na hiascaireachta.

I gcomhthráth leis an meastóireacht ar CBI, leanfaidh mé de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit rialacha CBI agus *acquis* an iascaigh a chur chun feidhme i gceart chun inbhuanaitheacht ár n-iascach a áirithiú. Is ábhar misnigh dom é gur tháinig feabhas ar bhithmhais roinnt stoc éisc mar thoradh ar chur chun feidhme leanúnach CBI. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ar an tslí dhearfach sin chun ár stoic éisc a atógáil agus sláinte ár n-aigéan agus ár bhfarraigí a athbhunú.

Gné thábhachtach a bheidh i gcosaint níos leithne na muirthimpeallachta freisin. Rannchuideoidh an Comhshocrú Eorpach um na hAigéin leis an gcuspóir sin freisin, trí chreat iomlánaíoch a bhunú lena gcuirfear san áireamh go héifeachtach beartais uile an Aontais a dhéanann difear do shláinte na n-aigéan agus do shlí bheatha na n-iascairí agus na bpobal cósta. Áiritheoidh mé go mbainfear amach na spriocanna a comhaontaíodh chun ár bhfarraigí agus a mbithéagsúlacht a chosaint le linn an tsainordaithe seo.

Trí straitéis taighde agus nuálaíochta AE um na hAigéin, forbróidh mé clár oibre cuimsitheach freisin le haghaidh eolas, nuálaíocht agus infheistíocht mhuirí. Áiritheofar leis sin go mbeidh na sonraí, an t-eolas eolaíoch agus na cistí is gá ar fáil chun na cinntí a bhfuil gá leo a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun cur chuige cothrom i leith bainistiú iascaigh a áirithiú, agus chun tuilleadh feabhais a chur ar bhrabúsacht na hearnála.

*4. Seachas leanúint le cur chun feidhme iomlán CBI, an bhfuil tú ag machnamh ar athchóirithe nithiúla maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, lena n-áirítear roghanna eile, chomh maith le GIIIna ilbhliantúla a thabhairt isteach, cur chun feidhme cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais a fheabhsú nó taighde i gcomhair teicnící inbhuanaithe iascaireachta nua a dhreasú?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, ceann de na príomhthosaíochtaí uileghabhálacha le linn mo shainordaithe is ea eanáil iascaigh iomaíoch, inbhuanaithe agus athléimneach a thógáil a mbeidh cothrom iomaíochta ag baint léi feadh an tslabhra luacha ar fad. Chuige sin, ar thaobh amháin, tá gá le gníomhaíocht ar an leibhéal domhanda *vis-à-vis* ár gcomhpháirtithe i mbainistiú iascaigh agus sa chaidreamh trádála, agus ar an taobh

eile, ní mór machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbainistímid an t-iascach laistigh den Aontas. Tá oiriúnacht an chreata dhlíthiúil is infheidhme agus an chaoi a gcuirtear chun feidhme é ríthábhachtach chun na dálaí faoina n-oibríonn ár n-earnálacha agus na deiseanna atá acu fás, a bheith nuálach agus a bheith níos brabúsaí a shainiú, agus oidhreacht inbhuanaithe á fágáil, an tráth céanna, do na glúnta atá le teacht.

Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, is é an chéad sprioc a bheidh agam an mheastóireacht leanúnach ar an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh a thabhairt chun críche de réir na gcaighdeán is airde maidir le rialáil níos fearr. Mar chuid de sin, déanfaidh mé mionscrúdú ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír freisin. Tá sé tábhachtach sonraí cuimsitheacha ardcháilíochta a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar éirigh leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus ar an gcaoi a bhfuil sí ag feidhmiú, agus ar an bhfáth a bhfuil sí ag feidhmiú sa chaoi sin. An tráth céanna, creidim go daingean nach bhfuil aon reachtaíocht ach chomh maith céanna lena cur chun feidhme. Dá bhrí sin, agus an mheastóireacht ar siúl, beidh sé chomh tábhachtach céanna leanúint de *acquis* an iascaigh agus gach a bhaineann leis a chur chun feidhme, lena n-áirítear Rialachán CBI agus na rialacha maidir le Rialú ar Iascach a athbhreithníodh le déanaí. I ndáil leis sin, cuideoidh mé leis na Ballstáit gníomhaíochtaí idirghabhála tapa agus éifeachtacha a cheapadh, lena n-áirítear trí thacaíocht theicniúil ón gCoimisiún Eorpach i gcás inarb ábhartha. Ba cheart aon chinneadh chun Rialachán CBI a bheachtú nó a neartú a bheith bunaithe ar fhianaise fhónta agus ar idirphlé cur chun feidhme ina mbeadh na páirtithe leasmhara uile a ndéanfaí difear dóibh rannpháirteach. Ba cheart é a dhíríú ar aghaidh a thabhairt ar laigí a sainaitníodh, agus forbairt á déanamh ar na torthaí dearfacha go dtí seo an tráth céanna. Ba cheart measúnú tionchair comhshaoil agus socheacnamaíoch a bheith ag gabháil leis freisin. Ar deireadh, aon ghníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír go sonrath, ní mór í a bheith bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ní mór an príomhchuspóir atá á shaothrú a chur san áireamh go hiomlán léi – go háirithe roghnaíocht trealamh a spreagadh agus ábhar muirí aiscurtha diomailteach, is é sin éisc, a sheachaint. Léirítear sna sonraí go raibh cásanna d'ábhar muirí aiscurtha 40 % ar muir ann sular tugadh isteach an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, cé gur beag ábhar muirí aiscurtha a bhí á thuairisciú ag na hoibreoírí. Ní hamháin gur cleachtas diomailteach a bhí ann ach bhí sé dodhéanta freisin eolas a fháil ar staid na stoc dá dheasca, rud atá ríthábhachtach chun deiseanna iascaireachta a shocrú. Le forbairt agus úsáid teicnící nuálacha iascaireachta, d'fhéadfaí, ar thaobh amháin, roghnaíocht mhéadaithe a éascú, agus ar gcabhlach a dhéanamh níos éifeachtúla agus, dá bhrí sin, níos brabúsaí, an tráth céanna. Ar an ábhar sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, spreagfaidh mé infheistíocht leanúnach i mbailiú sonraí, san eolaíocht, sa taighde agus sa nuálaíocht chun cuidiú le bainisteoirí iascaigh agus lenár n-iascairí an t-eolas agus an teicneolaíocht is fearr a bheith acu a chuideoidh leo na cinntí is fearr a dhéanamh maidir le hiascaireacht a dhéanamh ar bhealach níos freagraí agus, dá bhrí sin, ar bhealach níos inbhuanaithe. Beidh sé sin ina phríomhbhreithniú faoin Straitéis Taighde agus Nuálaíochta um na hAigéin, straitéis a bhfuil sé de chúram orm í a chur chun cinn má dheimhnítear m'ainmniúchán, agus áiritheoidh mé go mbeidh eolas, nuálaíocht agus infheistíocht mhuirí mar phríomhcholún den Chomhshocrú Eorpach um na hAigéin.

Tá breithnithe éiceachórais ina ngnéithe tábhachtacha de CBI agus den chaoi a gcuirtear chun feidhme é cheana féin. Mar aon le héabhlóid na heolaíochta i dtreo níos mó idirdhisciplíneachta agus trasdisciplíneachta, is mian liom go mbeidh tábhacht níos mó ag baint leis an gcur chuige bunaithe ar éiceachórais ar son cur chuige níos iomlánaíche.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a chur i dtábhacht go láidir gur gá dúinn na gnéithe uile a choinneáil i gcuimhne: acmhainní nádúrtha a chaomhnú, tábhacht shocheacnamaíoch na hiascaireachta le haghaidh pobal, chomh maith le héisc ar ardcachaidheán a sholáthar ar phraghas réasúnta.

Maidir le gabhálacha iomlána incheadaithe (GIInna) ilbhliantúla, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, tá sé ar intinn agam iarraidh ar na comhlachtaí eolaíochta ábhartha comhairle a thabhairt a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin cuótaí breise iascaireachta a mholadh ar feadh 2 bhliain nó níos mó, ag tosú le stoic atá á mbainistiú ag an Aontas amháin.

*5. Conas atá sé i gceist agat feabhas a chur ar chomhionannas deiseanna d'iascairí agus táirgeoirí do bharshaothraithe an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar iascairí ar mionscála, feabhas a chur ar an gcaidreamh le trúú tíortha agus uailmhian an Aontais maidir le 'ceannaireacht trí dhea-shampla' a réiteach le cuspóir CBI chun cothrom iomaíochta a áirithiú i measc gach páirtí de chuid an Aontais agus gach páirtí nach de chuid an Aontais é, amhail an Ríocht Aontaithe agus an Iorua, agus chun comhrac éifeachtach a áirithiú i gcoinne cleachtais iascaireachta NNN?*

Agus tagairt á déanamh agam do chomhionannas deiseanna, chomh maith le hiascairí ar mionscála agus ar mórscála a chur san áireamh, táim ag smaoineamh freisin ar chomhionannas deiseanna idir mná agus fir a oibríonn

san earnáil, chomh maith lena áirithiú go mbeidh na poist tarraingteach i gcónaí d'iascairí a bhfuil taithí acu agus d'iascairí nua freisin, chun athnuachan ó ghlúin go glúin a áirithiú san earnáil. Ba cheart comhionannas deiseanna a bheith ag na hiascairí uile, ba cheart rath a bheith orthu agus ba cheart iad a bheith in ann rannchuidiú le leas eacnamaíoch agus sóisialta a bpobal.

Tá ról socheacnamaíoch an-tábhachtach ag an iascach ar mionscála inár bpobail chósta. Is éard atá sa chabhlach sin formhór na soithí iascaireachta atá cláraithe san Aontas (76 %) agus beagnach leath na fostaíochta in earnáil na hiascaireachta san Aontas (49 %). Bíonn dúshlán agus brúnna sonracha roimh gach roinn cabhlaigh, agus bíonn na dúshlán agus na brúnna sin éagsúil freisin ó imchuach farraige go himchuach farraige. Rochtain ar dheiseanna iascaireachta, tuigim go bhfuil sé sin ar cheann de na dúshlán a bhaineann go sonrach le hiomaíochas iascairí ar mionscála. Cé go bhfuil rogha na gcrítéar cionroinnte go hiomlán faoi shainchúram na n-údarás náisiúnta, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, rachaidh mé i dteagmháil go réamhghníomhach leis na Ballstáit maidir leis an gcaoi ar féidir feabhas a chur ar an staid laistigh dá gcomhthéacs náisiúnta. Chomh maith le *vademecum* a fhoilsíú maidir le deiseanna iascaireachta a chionroinnt, déanfaidh mé cur chun feidhme ceart na rialacha a chíoradh a thuilleadh. Ní bheidh aon leisce orm athruithe ar an mbeartas a mholadh, más gá sin. Déanfaidh mé éagsúlú agus comhcheangal na n-iascach le gníomhaíochtaí eile, cuirim i gcás an turasóireacht, a chíoradh a thuilleadh.

Dúshlán coiteann roimh iascairí uile an Aontais, chomh maith le táirgeoirí do bharrshaothraithe an Aontais, is ea cothrom iomaíochta le hallmhairí ó thríú tíortha agus iomaíocht chóir le hiascairí/táirgeoirí nach bhfuil san Aontas a áirithiú. Tá dianrialuithe ag an Aontas chun a áirithiú go gcomhlíonann bia allmhairithe ardchaighdeán maidir le cosaint agus sábháilteacht tomhaltóirí. Féachfaidh mé le feabhas a chur ar an gcothrom iomaíochta le tríú tíortha maidir le gnéithe den inbhuanaitheacht shóisialta agus comhshaoil, agus beidh sé sin ar cheann de na príomhthosaíochtaí a bheidh agam má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir. Beidh sé sin ina phríomhcholún freisin den chur chuige straitéiseach arna thabhairt cothrom le dáta maidir le gníomhaíocht sheachtrach na n-iascach ar iarr Uachtarán toghaí an Choimisiúin orm é a fhorbairt, agus sa chomhthéacs sin, tá sé beartaithe agam féachaint ar an méid eile is féidir linn a dhéanamh agus ar an méid nua is féidir linn a dhéanamh.

Ba cheart don Aontas leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta, agus a chumhacht a chur chun cinn i suíomhanna idirnáisiúnta éagsúla. Ní mór leanúint, gan maolú, d'iarrachtaí chun inbhuanaitheacht an do bharrshaothraithe dhomhanda agus an t-iascach inbhuanaithe a chur chun cinn trí rannpháirtíocht an Aontais in eagraíochtaí iltaobhacha agus réigiúnacha, mar shampla Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus a Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir, agus gach eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh eile. D'éirigh leis an Aontas príomhphrionsabail an Chomhbheartais Iascaigh a chur chun cinn cheana féin i Straitéis 2030 an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir: uastáirgeacht inbhuanaithe, pleananna ilbhliantúla, réigiúnú, cosaint speiceas leochaileach agus gnáthóg fógaire.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, éileoidh mé freisin go gcuirfidh an tAontas glacadh caighdeán atá i gcomhréir le CBI chun cinn go comhsheasmhach i suíomhanna idirnáisiúnta ar nós eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh. Is é an aidhm atá agam cothrom iomaíochta a chruthú trína chinntiú go bhfuil na caighdeán chéanna ag daoine eile agus atá againne. Ba cheart dúinn na huirlisí uile atá ar fáil dúinn a úsáid, lena n-áirítear rochtain ar an margadh, chun oibriú le tíortha comhpháirtíochta. Ní éireoidh le bainistiú inbhuanaithe iascaigh ar an mórmhuir ach amháin má tá gach duine tiomanta dó.

Tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as a Chomhbheartas Iascaigh (CBI), cruthaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe creat nua chun stoic chomhroinnte san Atlantach Thoir Thuaidh a bhainistiú go comhpháirteach.

Laistigh den chreat sin, chomh maith le comhaontuithe déthaobhacha eile agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna), leanfaidh mé de bheith ag obair i gcomhar le tríú tíortha ábhartha chun ardchaighdeán inbhuanaitheachta a choinneáil ar bun, d'fhonn sciár cothrom cuótaí don Aontas agus cothrom iomaíochta a áirithiú. . Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé an méid seo a leanas chun an méid sin a bhaint amach:

- (1) na deiseanna uile a thapú chun athléimneacht agus iomaíochas na hearnála a chur chun cinn tríd an iascach a nascadh leis an gcaidreamh foriomlán lenár gcomharsana, go háirithe iad siúd san Atlantach Thoir Thuaidh;
- (2) aird ar leith a thabhairt ar fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh gealltanais idirnáisiúnta, agus ar chobhsaíocht a áirithiú tar éis 2026, go háirithe i gcomhthéacs Cheannteideal Iascaigh an Chomhaontaithe Trádála

agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, agus a bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Ríocht Aontaithe chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus chun tionchar aon éagsúlacht rialála a íoslaghú;

(3) forbairt comhghuaillíochtaí sa réigiún agus comhar feabhsaithe le Stáit chósta eile i réimsí leasa choitinn a chur chun cinn; agus

(4) tacú leis an idirphlé ardleibhéal leis an Iorua chun a áirithiú go n-urramófar cearta iascaireachta an Aontais in Svalbard, go háirithe na cearta iascaireachta a mhéid a bhaineann leis an trosc, agus go leanfar d'iascach inbhuanaithe, dlísteanaigh agus seanbhunaithe an Aontais i Muir Barents.

Ar deireadh, leanfaidh mé de chuótaí an Aontais a chosaint agus rochtain a urrú le haghaidh shoithí de chuid an Aontais ar uisce ár gcomhpháirtithe, rud atá ríthábhachtach i gcomhair athléimneacht agus iomaíochas earráil an iascaigh i dtimpeallacht atá ag athrú.

Gné lárnach de chothrom iomaíochta a áirithiú is ea an comhrac i gcoinne iascaireacht NNN. Beidh caidreamh iomlán agam le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun a áirithiú gur féidir linn an modhnú ar Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 a ghlacadh go luath, rud a chuirfidh ar a chumas don Aontas bearta iomchuí a dhéanamh i leith tíortha a shaothraíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe. Cumhdófar dhá ghné thábhachtacha i mo shainordú má dheimhnítear m'ainmniúchán: Ar an gcéad dul síos, chun go mbeidh an tAontas inchreidte go hidirnáisiúnta, ní mór comhlíonadh a áirithiú go himheánach. Is é sin an túsphointe chun luachanna agus caighdeán CBI a réamh-mheas lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, díreoidh mé ar an gcóras athbheithnithe rialaithe iascaigh a chur chun feidhme de réir a chéile, ach é a chur chun feidhme go tráthúil agus ina iomláine, agus ar scéim dhigiteach deimhniúcháin gabhála NNN a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach mar uirlis chun ár margadh, ár dtomhaltóirí agus ár n-iascairí a chosaint ar allmhairí éisc NNN ó thríú tíortha. Ar an dara dul síos, creidim nach leor ár margadh a chosaint ar allmhairí iascaireachta NNN. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe agam leanúint de thaidhleoireacht ghníomhach NNN le tríú tíortha. Bhí córas cártaí NNN ina uirlis láidir agus tá sé beartaithe agam, faoi mo shainordú, tríú tíortha a threorú agus cuidiú leo maidir le rialuithe agus comhlíonadh fónta iascaigh, ach ní bheidh aon drogall orm na cineálacha uile beart dá bhforáiltear inár reachtaíocht a mholadh más gá.

Is mó ná bearta bainistithe iascaigh atá i gceist le cothrom iomaíochta chun freastal ar inbhuanaitheacht iascaigh ar fud an domhain. Ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an tAontas – allmhairí mór táirgí uisceacha – trádáil leis an gcuid eile den domhan. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé beartaithe agam béim láidir a leagan ar na huirlisí éagsúla atá ar fáil don Aontas chun a chumhacht mhargaidh a ghíaráil, bíodh sin i dtéarmaí inrianaitheacht táirgí allmhairithe agus faisnéis ábhartha do thomhaltóirí, nó i gcomhthéacs bainistíú iascaigh comhpháirteach le tríú tíortha nó ár n-ionstraimí beartais trádála. Ceann de na hathruithe is bunúsaí ba mhaith liom a dhéanamh faoi mo shainordú is ea deireadh a chur le fóirdheontais phoiblí lena gcuirtear feabhas ar acmhainneachtaí iascaireachta, trí chomhaontú nua ón Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Thrádáil chuige sin.

*6. Conas atá sé i gceist agat gach beartas ábhartha laistigh den Chomhshocrú Eorpach um na hAigéin a chomhordú agus páirt a thabhairt do na pobail chósta agus do na hearnálacha iascaigh agus do bharshaothraithe le linn phróiseas deartha agus chur chun feidhme an Chomhshocráithe?*

Sa lá atá inniu ann, tá an iliomad géarchéimeanna roimh ár n-aigéin, rud a fhágann gur dúshlán é freisin do na pobail chósta agus d'earnálacha na gheilleagair ghoirm a bhíonn ag brath ar shláinte na n-aigéan ar mháithe lena slí bheatha agus lena rathúnas. Dá bhrí sin, ní mór dúinn breathnú go hiomlánaíoch ar an gcaoi a ndéanaimid idirghníomhú leis na haigéin: ar an gcaoi a mbíonn tionchar againn ar na haigéin, ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag na haigéin orainn, agus ar na deiseanna is féidir linn a shaothrú ó na haigéin, agus aitheantas á thabhairt againn ar a thábhachtaí atá na haigéin ó thaobh na geopholaitíochta, an bhiafhlaithis, an iomaíochais, na hinbhuanaitheachta, agus an mhaolaithe ar an athrú aeráide de, ar nithe iad uile a bhfuil dlúthbhaint acu le leas domhanda.

Tá muinín agam, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, go mbeidh mé in ann brath ar chomhar na gCoimisinéirí uile maidir leis an gComhshocrú Eorpach um na hAigéin a dhearadh agus a thabhairt chun cinn mar chreat tagartha straitéiseach aonair le haghaidh na n-aigéan. Beidh mé i gceannas ar an gcúram sin agus iarrfaidh mé go sonrach ar mo chomh-Choimisinéirí a bheidh i gceannas ar an gcomhshaol, ar athléimneacht uisce agus Geilleagar Ciorclach Iomaíoch, ar iompar, ar fhuinneamh agus tithíocht, ar thrádáil, ar an aeráid agus ar an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe.

Ní mór an Comhshocrú Eorpach um na hAigéin a bheith cuimsitheach agus cruthaithe i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile. Féachfaidh mé leis an gcuimsitheacht sin a bhaint amach go háirithe tríd an Idirphlé maidir leis an Iascach agus na hAigéin agus trí ghrinn-chomhairliúcháin eile, lena n-áirítear le Feisirí Onóracha de Pharlaimint na hEorpa. Lá Eorpach na Mara, a bhíonn á óstáil gach bliain i gcathair chósta éagsúla de chuid na hEorpa, is tábhachtach an t-ardán é chun gur féidir leis na páirtithe leasmhara teacht le chéile agus dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann leis na haigéin, lena n-áirítear saincheisteanna maidir leis an gComhshocrú Eorpach um na hAigéin. Chun rannpháirtíocht a mhéadú ar an leibhéal áitiúil ar fud an Aontais, comhlánófar é sin le tionscnaimh áitiúla i mBallstáit éagsúla trí imeachtaí ‘Lá Eorpach na Mara i mo thír féin’. Sa mhéid sin ar fad, áiritheoidh mé go mbeidh na glúnta níos óige rannpháirteach. Leanfaidh mé de theagmháil a dhéanamh leis na pobail chósta, lena n-áirítear earnálacha an iascaigh agus an dobhharshaothraithe, agus d’áirithiú go mbeidh na páirtithe leasmhara rannpháirteach, ní hamháin i ndearadh an Chomhshocrú, ach nuair a bheidh sé á chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ar an láthair agus inár mbeartais amach anseo freisin.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, féachfaidh mé leis an gComhshocrú Eorpach um na hAigéin a chur i láthair in am don tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin a bheidh ar siúl in Nice i mí an Mheithimh 2025 agus, ar an gcaoi sin, neartóidh mé ról ceannasach an Aontais i dtaca le clár oibre le haghaidh na n-aigéan a leagan síos ar an leibhéal domhanda.

*7. Conas a neartóidh tú an earnáil dobhharshaothraithe inbhuanaithe Eorpach, lena n-áirítear táirgeadh algaí, agus conas a fheabhsóidh tú faisnéis do thomhaltóirí trí lipéadú tionscnamh táirgí, nó táirgí plandabhunaithe a dhíoltar mar éisc?*

Tá ról tábhachtach ag an dobhharshaothrú inbhuanaithe, lena n-áirítear táirgeadh algaí, maidir le soláthar inbhuanaithe bia uiscigh a áirithiú san Aontas Eorpach. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé dlús leis na hiarrachtaí chun an fhís maidir le dobhharshaothrú níos iomaíche, níos athléimní agus níos inbhuanaithe san Aontas a chur chun feidhme go hiomlán, fíis a leagadh amach i dTreoirínte Straitéiseacha an Choimisiúin maidir leis an dobhharshaothrú san Aontas a glacadh in 2021. Ní hamháin go méadóidh sé sin rannchuidiú an dobhharshaothraithe le biafhlaithéas an Aontais, ach rannchuideoidh sé freisin leis an aistriú glas, le feabhas a chur ar ghlacadh sóisialta agus ar fhaisnéis don tomhaltóir, agus le heolas agus nuálaíocht a mhéadú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá gá le gníomhaíocht i raon leathan réimsí, cuir i gcás rialacháin agus nósanna imeachta um cheadúnú a shimpliú, spás iomchuí a chionroinnt chun go bhféadfaidh an dobhharshaothrú, an dobhharshaothrú a chur in oiriúint do thionchar an athraithe aeráide, nó a áirithiú go nglacfaidh an earnáil leis an nuálaíocht.

Thug an Coimisiún faoi roinnt gníomhaíochtaí cheana féin chun acmhainneacht thábhachtach fhás inbhuanaithe an dobhharshaothraithe san Aontas a bhaint amach i gcomhréir leis an straitéis sin. Cuireadh ar bun ardán ar líne ar a bhfuil eolas fairsing a bhaineann le forbairt inbhuanaithe na hearnála, agus forbraíodh treoirínte maidir le deachleachtais cheana féin agus leanfar dá bhforbairt i bpríomhréimsí ar nós creataí rialála agus riaracháin a chuíchóiriú, spás pleanála don dobhharshaothrú muirí, oiriúnú don athrú aeráide, aistriú fuinnimh, pleanáil spáis agus rochtain ar uisce le haghaidh dobhharshaothrú fionnuisce agus dobhharshaothrú ar talamh, chomh maith le feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil agus leas éisc. Lárionad Tagartha nua an Aontais do leas ainmhithe uisceacha, a bunaíodh i mí Feabhra 2024, tacóidh sé leis an obair ar leas éisc.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa chun a áirithiú go dtabharfar tosaíocht leordhóthanach don earnáil sin agus go bhféadfar acmhainneacht iomlán an dobhharshaothraithe a bhaint amach san Aontas. Úsáidfí mé measúnú meántearma 2025 ar chur chun feidhme na dTreoirínte Straitéiseacha maidir le dobhharshaothrú níos inbhuanaithe agus níos iomaíche san Aontas chun measúnú a dhéanamh ar a bhfuil le déanamh fós i dtéarmaí chur chun feidhme na físe sin chomh maith lena tionchar iarbhrí. I bhfianaise an mheasúnaithe sin, déanfaidh mé a mheas an bhfuil gá le bearta breise chun na cuspóirí a bhaint amach agus cé na bearta breise atá ag teastáil. Rannchuideoidh an measúnú sin freisin leis an meastóireacht ar Rialachán CBI agus leis an bhfís maidir leis an iascach agus an dobhharshaothrú le haghaidh 2040. Beidh an dobhharshaothrú inbhuanaithe ina phríomhghné den Chomhshocrú Eorpach um na hAigéin. Thairis sin, go luath in 2025, seolfaidh mé feachtas cumarsáide chun feachtas, tuiscint agus glacadh leis an dobhharshaothrú san Aontas a mhéadú.

Ghlac an Coimisiún tionscnamh sonrathach um algaí de chuid an Aontais in 2022 arb é is aidhm dó tacú le táirgeadh inbhuanaithe, tomhaltas sábháilte agus úsáid nuálach algaí san Aontas. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, déanfaidh mé feachtas a mhúscailt maidir leis na tairbhí a bhaineann le hearnáil láidir algaí san Aontas agus tacóidh mé le cur chun feidhme na 23 ghníomhaíocht a leagadh síos sa tionscnamh sin, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin atá dírithe ar cheadúnú agus cionroinnt spáis mhuirí a chuíchóiriú, chomh maith le feachtas a mhúscailt maidir



leis na tairbhí a bhaineann le halgaí a fhéadfaidh a bheith chun leasa daoine agus an phláinéid, sin agus taighde agus anailís bheartais a dhéanamh.

Áiritheoidh mé freisin go mbeidh an dobharshaothrú – lena n-áirítear algaí – ina chuid dár n-iarrachtaí agus dár dtacaíocht maidir le taighde agus nuálaíocht, tríd an Straitéis Taighde agus Nuálaíochta um na hAigéin a fhorbriú mé freisin, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir.

Tá ríthábhacht ag baint le faisnéis shoiléir iontaoifa do thomhaltóirí trí lipéadú chun tomhaltóirí a chumhachtú cinntí feasacha ceannaigh a dhéanamh a thacaíonn le roghanna inbhuanaithe. Tá luach ar leith ag baint le faisnéis i leith tionscnaimh do thomhaltóirí, toisc go mbíonn siad in ann roghanna a dhéanamh mar gheall ar an trédhearcacht a bhaineann leis an bhfaisnéis sin. Trí eolas a bheith acu maidir le tionscnamh a mbia mara, is féidir le tomhaltóirí tacú go gníomhach le pobail iascaireachta áitiúla, lena n-áirítear oibreoirí ar mionscála. Leis an Rialachán maidir le Comheagrú na Margaí i dTáirgí Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEM), tugtar aghaidh ar cheanglais maidir le faisnéis do thomhaltóirí. Foráiltear leis an Rialachán nach mór táirgí a dhíoltar san Aontas a lipéadú le faisnéis bhunriachtanach, mar shampla ainm an speicis, an modh táirgthe, an limistéar inar gabhadh an táirge nó inar saothraíodh é, agus an cineál trealamh iascaireachta a úsáideadh. Mar sin féin, níl feidhm ag na ceanglais sin maidir le táirgí próiseáilte, nach gá faisnéis mhionsonraithe a sholáthar ina leith, mar shampla faisnéis faoi thionscnamh na n-amhábhhar a úsáidtear.

Sa mheastóireacht atá i bhfeidhm faoi láthair ar CBI, tabharfar aghaidh freisin ar fhorálacha CEM agus scrúdófar an dtugann na rialacha lipéadaithe atá ann cheana faisnéis leordhóthanach do thomhaltóirí, nó an bhfuil gá le ceanglais bhreise chun bonn eolais níos fearr a chur faoina gcinntí ceannaigh. Táim tiomanta breathnú go sonrath ar an gceist seo tar éis na meastóireachta.

I gcomhthráth leis an méid sin, leanfaidh mé de bheith ag obair leis na Ballstáit chun na forálacha inrianaitheachta faoi na rialacha maidir le rialú ar iascach a athbhreithníodh le déanaí a chur chun feidhme go rianúil, forálacha a dhéanfar a leathnú de réir a chéile chun táirgí ullmhaithe agus leasaithe a chumhdach, agus ina gcuirfear san áireamh an dul chun cinn teicneolaíoch agus an simpliú a thagann leis an aistriú chuig córas digiteach.

Tá sé tábhachtach freisin aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag na Ballstáit maidir lena áirithiú go gcuirfear ceanglais maidir le lipéadú chun feidhme go héifeachtach ar an láthair. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis na Ballstáit chun féachaint ar bhealaí chun a gcórais forfheidhmithe agus rialaithe a neartú, ionas go gcomhlíonfaidh na táirgí uile, lena n-áirítear iad siúd a allmhairítear ó lasmuigh den Aontas, ár rialacha maidir le lipéadú agus go dtabharfaidh siad faisnéis chruinn do thomhaltóirí. Táim tiomanta aghaidh a thabhairt ar ábhair inní tháirgeoirí agus thomhaltóirí an Aontais agus cothrom iomaíochta a chur chun cinn do na táirgí uile, gan beann ar a dtionscnamh.

Gabhann táirgí plandabhunaithe le margadh atá ag fás, ach is margadh é sin atá an-bheag fós. Más táirgí plandabhunaithe atá iontu, ní mór é a bheith le haithint go soiléir orthu gurb ea, agus bainfear sin amach le faisnéis iomchuí do thomhaltóirí. Chuige sin, seolfaidh mé córas scórála faisnéise ar líne in 2025, lena gcumhachtófar gníomhaithe an Aontais sa slabhra soláthair, chomh maith le tomhaltóirí, chun roghanna inbhuanaithe a dhéanamh bunaithe ar scóir inbhuanaitheachta táirgí i gcás stoic áirithe.

#### Ceist ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

*8. Cén plean atá agat chun a áirithiú go n-oibríonn cosaint éiceachóras muirí agus na bithéagsúlachta aigéan i gcomhréir le geilleagar gorm Eorpach atá inbhuanaithe, inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, agus iomaíoch? Cad a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go ndéanfar gach limistéar muirí faoi chosaint a bhainistiú go héifeachtach ar aon dul leis an reachtaíocht a bhaineann leis an dúlra agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais? Cad iad na gníomhaíochtaí atá i gceist agat a dhéanamh chun bruscar muirí a laghdú go mór agus dul i ngleic leis an truailliú muirí agus fionnuisce, agus conas a chuirfidh tú na hiarrachtaí sin chun cinn go hidirnáisiúnta? Cén plean atá agat chun acmhainneacht carbóin ghoirm an Aontais a fheabhsú agus dlús a chur le hathbhunú agus cosaint éiceachóras ardcheaptha carbóin amhail mangróibh, féara mara agus riasca goirte mar chuid de do straitéis fhorleathan um an oiriúnú don athrú aeráide? Conas a áiritheoidh tú go ndéanfar na hearnálacha gorma den gheilleagar, amhail teicneolaíochtaí inathnuaite amach ón gcósta, a chomhordú trí phleanáil spásúil mhuirí chun coibhleachtaí le hiarrachtaí caomhnaithe muirí, iascaigh inbhuanaithe agus leasanna pobal cósta a sheachaint? Agus seasamh reatha an Aontais maidir leis an mianadóireacht domhainfharraige á chur san áireamh, ar seasamh é atá i bhfách le cur chuige an réamhchúraim go dtí go ndéanfar taighde eolaíochta breise, cad iad na rúin atá agat i leith na saincheiste sin? Conas a áiritheoidh tú go leanfaidh an tAontas de bheith mar cheannasaí maidir le caighdeáin dhomhanda a leagan síos, comhdhearcaidh*

*a bhaint amach ar chur chun feidhme Chonradh BBNJ agus creataí eile um rialachas na n-aigéan, agus cuspóirí SFI 14 a chur chun cinn?*

Aigéan táirgiúil is ea aigéan sláintiúil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, áiritheoidh mé go leanfaimid de bhearta caomhnúcháin éifeachtacha eolaíocht bhunaithe a chur chun feidhme, cuir i gcás limistéir mhuirí faoi chosaint agus cleachtais iascaireachta níos inbhuanaithe. Beidh cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí reachtaíocht uile an Aontais agus oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais ríthábhachtach i gcónaí.

Beidh sé ríthábhachtach freisin a áirithiú go mbeifear in ann, leis an bpleanáil spásúil mhuirí, cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint ár n-aigéan agus brabúsacht na ngníomhaíochtaí ar muir. Tabharfaidh mé aird ar leith, d'aon ghnó, ar na deiseanna a chuirtear ar fáil le hilúsáid an spáis mhuirí.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, spreagfaidh mé úsáid uirlisí ar nós 'BlueInvest', chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an bhfiontraíocht i dteicneolaíochtaí inbhuanaithe agus i samhlacha gnó inbhuanaithe, rud atá ríthábhachtach freisin, dar liom. Mar shampla sonrach, ba mhaith liom Tionscnamh an Aontais Eorpaigh um algaí a lua, tionscnamh arb é is aidhm dó tacú le forbairt agus uas-scalú an dobharshaothraithe athghiniúnaigh san Aontas a sholáthraíonn, ar thaobh amháin, táirgí ísealcharbóin do mhargadh an Aontais agus, ar an taobh eile, a bhaineann cothaithe iomarcacha agus carbón, rud a laghdaíonn eotrófú agus aigéadú na n-aigéan.

Ar deireadh, trí phatrúin tomhaltais fhreagracha a chur chun cinn, is féidir linn éileamh ar tháirgí inbhuanaithe a chruthú agus tacú le geilleagar mhuirí sláintiúil.

Leis an gcur chuige sin, chomh maith leis na snáitheanna oibre éagsúla thuas a thiocfaidh le chéile faoin gComhshocrú Eorpach um na hAigéin atá ar na bacáin, cruthófar dálaí le haghaidh geilleagar gorm iomaíoch agus inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de don todhchaí agus sláinte ár n-aigéan á caomhnú agus á hathbhunú.

Tá an ghné chomhshaoil leabaithe sa Chomhbheartas Iascaigh agus ina chuspóirí. Comhlánaíonn sé an creat dlíthiúil láidir maidir le cosaint agus athbhunú an dúlra atá i bhfeidhm cheana féin. Cuimsítear leis sin an Treoir maidir le Gnáthóga agus an Treoir maidir le hÉin, atá mar bhunús le líonra Natura 2000 lena gcumhdaítear go leor limistéir mhuirí faoi chosaint freisin; an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, lena bhféachtar le dea-stádas comhshaoil a áirithiú do na huisc mara uile agus lena gceanglaítear ar na Ballstáit bearta sonracha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun limistéir mhuirí faoi chosaint a bhainistiú agus a chosaint, agus é á áirithiú acu go rannchuideoidh siad leis na spriocanna foriomlána maidir leis an mbithéagsúlacht mhuirí. Ar deireadh, beidh an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra a glacadh le déanaí ríthábhachtach freisin chun éiceachórais mhuirí dhíghráidithe a athbhunú agus chun cur lena n-athléimneacht.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit reachtaíocht ábhartha chun feidhme chun cuspóir straitéiseach Straitéis Bhithéagsúlachta 2030 a bhaint amach, is é sin 30 % d'fharraigí an Aontais a chosaint, a mbeidh 10 % díobh faoi dhianchosaint, agus chun a áirithiú go mbeidh na bearta bainistithe iascaigh ábhartha i bhfeidhm faoi 2030 inár limistéir mhuirí uile faoi chosaint.

Spreagfaidh mé na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le CBI agus leis an treoir maidir le pleanáil spásúil mhuirí chun bearta agus pleanáil éifeachtach a chur chun feidhme chun tacú le cuspóirí gach limistéir mhuirí faoi chosaint, agus déanfaidh mé sin ionas gur féidir linn tionchar na ngníomhaíochtaí eacnamaíoch ar na héiceachórais mhuirí a theorannú agus na dálaí á soláthar le haghaidh earnálacha láidre athléimneacha agus pobal cósta. Cuimsítear leis sin freisin bearta tacaíochta chun an cabhlach a dhícharbónú.

An méid a bhíonn ag tarlú ar ár dtalamh, bíonn tionchar mór aige sin ar ár bhfarraigí. Is iad cothaithe a thagann den chuid is mó ón talmhaíocht is cúis leis an eotrófú sa mhuirthimpeallacht. Is ar talamh atá formhór an bhruscair mhuirí phlaistigh. Is cúis inní é sin don tsláinte agus déanann sé ár dtimpeallacht mhuirí a dhíghrádú. Cruthaíonn sé tionchair agus costais neamhriachtanacha freisin do na tionscail a bhíonn ag brath ar an bhfarraige, cuir i gcás tionscail na hiascaireacht agus na turasóireachta. Sin é an fáth, má dheimhnítear m'ainmniúchán, go n-oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch, i gcomhthéacs na Straitéise Athléimneachta maidir le hUisce agus an Chomhshocrú Eorpaigh um na hAigéin araon, a bheidh á stiúradh agam, chun a áirithiú go mbeidh ár n-aibhneacha, ár bhfarraigí agus ár limistéir chósta sláintiúil agus athléimneach. Cuirfidh sé sin leis an obair maidir le hoiriúnú don athrú aeráide freisin.

Ó 2026 ar aghaidh, beidh ar na Ballstáit bogaigh, lena n-áirítear carbón gorm, a chuimsiú sna fardail maidir le hastaíochtaí a chuireann siad ar fáil do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus ina spriocanna don Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Faraoiseacht. Faoin Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra, ní mór dóibh a áirithiú go mbeidh dea-bhail ar 90 % de ghnáthóga na n-éiceachóras muirí agus, chun na críche sin, ní mór dóibh bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm i dtaca le 30 % ar a laghad den limistéar iomlán nach mbeidh dea-bhail air faoi 2030.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, forbróidh mé plean chun go mbeidh cur chuige comhchoiteann san Aontas chun na sonraí is gá a bhailiú agus a phróiseáil chun measúnú a dhéanamh ar ról an charbóin ghoirm agus bogach eile maidir le spriocanna aeráide agus dúlra an Aontais a bhaint amach. Éascófar leis sin samhlacha nua gnó a thógáil bunaithe ar dhreasachtaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá ann cheana, cuir i gcás an doharshaothrú a bheith ann i gcomhthráth leis an dúlra agus rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Leis sin, beifear in ann gníomhaíochtaí nuálacha nua a chruthú mar shampla deimhniú aistriú dé-ocsaíde carbóin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, neartóidh mé ár gcur chuige maidir le pleanáil spásúil mhuirí chun cuidiú le húsáidí éagsúla na farraige agus acmhainneacht eacnamaíoch na n-aigéan a optamú, agus sláinte agus athléimneacht na farraige á gcosaint.

Leis an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí, ceanglaítear ar na Ballstáit cheana féin an cur chuige bunaithe ar éiceachórais a úsáid, ar gné lárnach é de dhlíthe an Aontais maidir le cosaint na muirthimpeallachta (go háirithe an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí).

Mar sin féin, ní mór dúinn níos mó oibre a dhéanamh chun cuidiú leis na Ballstáit na prionsabail uile sin a chur i bhfeidhm agus beidh an Comhshocrú Eorpach um na hAigéin tábhachtach i ndáil leis sin.

Ar leibhéal an Aontais, eagróidh mé Idirphlé maidir leis an Iascach agus na hAigéin, go háirithe chun úsáid spásúil na farraige a phlé, rud a chuirfidh leis an dea-obair a rinne an Fóram Gorm i gcomhair úsáideoirí na farraige. Leanfaidh mé de bheith ag obair i ndlúthchomhair leis na Ballstáit chun ár mbeartas a chur i gcrích agus chun a áirithiú go mbeidh sé oiriúnach do na dúshláin agus do na spriocanna spásúla suas go dtí 2050.

Is éard a bheidh sa mhéid sin uile rannchuidiú an Aontais leis an sprioc ábhartha forbartha inbhuanaithe (SDG 14) a bhaint amach a mhéid a bhaineann lena spriocanna maidir leis an mbithéagsúlacht agus laghdú truaillithe, agus cuirfidh sé ar a chumas dó leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le caighdeán dhomhanda a leagan síos. Tríd an iarracht a dhéantar ar an leibhéal Eorpach a chur i bhfeidhm ar an leibhéal domhanda, áiritheofar go dtacóidh ár n-earnálacha geilleagair ghoirm féin leis freisin. Ar bhonn praiticiúil, seasfaidh mé leis na hiarrachtaí domhanda ar son chosaint agus athbhunú na n-aigéan agus comhlíonfaidh mé gealltanais domhanda Chomhaontú Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal chun 30 % ar a laghad de na haigéin a chosaint faoi 2030. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé mar thosaíocht agam leanúint de bheith ag moladh go bhfuil plean bainistíochta sonrath ag gach limistéar muirí faoi chosaint ar an mórmhuir agus go cionroinnfear acmhainní leordhóthanacha chun cur chun feidhme éifeachtach na bpleananna sin a áirithiú, lena n-áirítear faireachán, forfheidhmiú agus cruthú Limistéar Muirí faoi Chosaint (LMFCanna) san Aigéan Antartach. Déanfaidh mé taidhleoireacht maidir le hAigéin an Aontais a shlógadh freisin chun daingniú agus teacht i bhfeidhm pras an chomhaontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht i Limistéir Lasmuigh den Dlíne Náisiúnta a spreagadh, comhaontú lena mbunaítear nós imeachta chun Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a ainmniú i limistéir lasmuigh de dhlínsí náisiúnta. Is é an chéad chuspóir straitéiseach a bheidh agam, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, rannchuidiú le hiarrachtaí taidhleoireachta chun 60 daingniú a bhaint amach atá ag teastáil chun go dtiocfaidh an comhaontú sin i bhfeidhm, agus tá súil agam go ndéanfar sin in am don tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin a bheidh ar siúl i mí an Mheithimh 2025.

Tá comhar réigiúnach agus idirnáisiúnta ríthábhachtach freisin chun tionchair an truaillithe ar ár bhfarraigí agus ar ár n-aigéin a mhaolú. Creidim go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfaidh an tAontas de bheith ina chatalaíoch don athrú, bíodh sin trí bheith glórach agus ar thús cadhnaíochta sa chaibidlíocht deiridh maidir leis an gConradh Domhanda maidir le Plaisteach nó trínár gcomhar a dhoimhniú ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear in obair na gCoinbhinsiún maidir le Farraigí Réigiúnacha, na nEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh nó trínár gclár oibre maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan.

Ar deireadh, tá seasamh an Choimisiúin maidir le mianadóireacht domhainfharraige leagtha síos i gclár oibre an Aontais maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan. Molann an Coimisiún toirmeasc a chur ar mhianadóireacht domhainfharraige go dtí go líonfar na bearnaí eolaíoch a gceart, gur féidir a léiriú nach mbeidh aon éifeacht dhíobhálach ann mar thoradh ar mhianadóireacht agus, mar a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún na Náisiún

Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, go mbeidh na forálacha is gá sna rialacháin maidir le saothrú i bhfeidhm chun an mhuirthimpeallacht a chosaint go héifeachtach. Aontaím go hiomlán leis an seasamh sin agus, má dheimhnítear m'ainmiúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé é sin a chosaint san fhor-rochtain ábhartha uile ar an leibhéal idirnáisiúnta.